C/2025/1830

20.3.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

(C/2025/1830)

Dírítear aird na ndaoine seo ar an bhfaisnéis a leanas: Alexey Valeryevich MININ (Uimh. 3), Aleksei Sergeyvich MORENETS (Uimh. 4), Evgenii Mikhaylovich SEREBRIAKOV (Uimh. 5), Oleg Mikhaylovich SOTNIKOV (Uimh. 6), Dmitry Sergeyevich BADIN (Uimh. 7) agus Igor Olegovich KOSTYUKOV (Uimh. 8), ar daoine iad atá luaite san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle [1], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Tá an Chomhairle ag beartú na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun, bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna. Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chuig an seoladh seo a leanas, chun an ráiteas leasaithe ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, **roimh an 28 Márta 2025**:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Horizontal and Global Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
[2] IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1.